

## Madraí Tréigthe

**Ceist 1** Beidh tú ag féachaint ar thuirisc ar ball faoi eagraíocht charthanachta do mhadraí tréigthe. Ag obair leis an duine in aice leat, déan plé ar na ceisteanna seo a leanas:

An bhfuil ainmhithe/peataí agat sa bhaile?  
An bhfuil costas mór ag baint le peata a choinneáil?  
An gceapann tú go bhfuil fás ag teacht ar líon na madraí nach bhfuil dídean acu?

**Ceist 2** Féach ar an tuairisc anois agus déan iarracht na téarmaí Béarla a mheaitseáil leis na téarmaí Gaeilge. Tá an chéad cheann déanta.

- |                            |                              |
|----------------------------|------------------------------|
| 1. Charitable organisation | A. Ionad Dídine              |
| 2. Deserted                | B. Breis                     |
| 3. Significant increase    | C. Urraíocht                 |
| 4. Recession               | D. Coileáin                  |
| 5. Rent                    | E. Eagraíocht chartharnachta |
| 6. Voluntary               | F. Cúlú eacnamaíochta        |
| 7. Pups                    | G. Tréigthe                  |
| 8. Adopt                   | H. Éileamh                   |
| 9. Demand                  | I. Altramú                   |
| 10. Extra                  | J. Cíos                      |
| 11. Shelter centre         | K. Máinlia                   |
| 12. Surgeon                | L. Méadú suntasach           |
| 13. Sponsorship            | M. Deonach                   |

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12	13
E												

**Ceist 3** Féach ar an tuairisc anois agus déan iarracht na ceisteanna seo a fhreagairt.

1. Cén fáth go bhfuil méadú suntasach tagtha ar líon na madraí tréigthe, dar leis an eagraíocht charthanachta?
2. Cad a bheidh ag tarlú don ionad atá acu faoi láthair?
3. Cén cineál billí atá acu?
4. Cén trí rud atá ag teastáil go géar ón eagraíocht?
5. Cé mhéad madra ar chabhraigh D.A.W.G. leo an bhliain seo caite?

**Ceist 4** Anois déan iarracht na bearnaí thíos a líonadh leis na focail chearta.

Tá trí rud ag \_\_\_\_\_ go géar ón eagraíocht charthanacht seo, uimhir a haon, \_\_\_\_\_ nua áit éigin faoin tuath inár féidir leo na madraí a \_\_\_\_\_, uimhir a dó, oibríthe deonacha chun \_\_\_\_\_ a thabhairt do na madraí san ionad nua nó ina \_\_\_\_\_ féin agus uimhir a trí, cosúil le gach \_\_\_\_\_ charthanachta eile, urraíocht.

*eagraíocht, choimeád, aire, dtithe, ionad, teastáil,*

**Ceist 5** *“I gContae Chiarraí **deir** eagraíocht charthanachta...”*

Tá sampla den bhriathar “Abair” san aimsir láithreach sa chlóg trom thuas.

Athraigh na focail idir lúbíní chun an fhoirm cheart den bhriathar “abair” a aimsiú.

1. (Deir) mé é sin léi inné!
2. (Deir) Séan leis amárach.
3. An (deir) tú é sin leis níos luaithe?
4. Ní (deir) mé tada le Liam níos déanaí?
5. (Deir) sé liom go bhfuil sí ag teacht.
6. (Deir) Pól é sin i gcónaí.
7. An (deir) Máire leat faoi fón Sheáin, nuair a chonaic tú í?
8. Ní (deir) sé é sin an bhliain seo chugainn!

**Ceist 6** *“...go mbeidh an uimhir sin i bhfad níos airde.”*

Tá sampla thuas de bhreischéim na haidiachta. Déan iarracht an bhreischéim a aimsiú do na samplaí thíos.

1. Níos (beag)
2. Níos (mór)
3. Níos (deas)
4. Níos (saibhir)
5. Níos (dona)
6. Níos (dorcha)
7. Níos (geal)
8. Níos (fada)

## Treoracha agus Freagraí

**Ceist 1** Is féidir é seo a dhéanamh i mbeirteanna nó mar ghrúpa.

### Ceist 2

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12	13
E	G	L	F	J	M	D	I	H	B	A	K	C

### Ceist 3

1. Níl dóthain airgid ag daoine peataí a choimeád mar gheall ar an gcúlú eacnamaíochta.
2. Beidh an t-ionad atá acu faoi láthair á dhíol.
3. Tá billí máinlia, costais iompair na madraí agus billí do bheatha na madraí le n-íoc acu.
4. Teastaíonn a n-ionad, oibríthe deonacha, agus urraíocht uathu.
5. Chabhraigh siad le 770 madraí tréigthe anuraidh.

**Ceist 4** Tá trí rud ag **teastáil** go géar ón eagraíocht charthanachta seo, uimhir a haon, **ionad** nua áit éigin faoin tuath inár féidir leo na madraí a **choimeád**, uimhir a dó oibríthe deonacha chun **aire** a thabhairt do na madraí san ionad nua nó ina **dtithe** féin agus uimhir a trí, cosúil le gach **eagraíocht** charthanachta eile, urraíocht.

### Ceist 5

1. Dúirt mé é sin léi inné!
2. Déarfaidh Séan leis amárach.
3. An ndúirt tú é sin leis níos luaithe?
4. Ní déarfaidh mé tada le Liam níos déanaí?
5. Dúirt sé liom go bhfuil sí ag teacht.
6. Deir Pól é sin i gcónaí.
7. An ndúirt Máire leat faoi fón Sheáin, nuair a chonaic tú í?
8. Ní déarfaidh sé é sin an bhliain seo chugainn!

### Ceist 6

- |                   |              |
|-------------------|--------------|
| 1. Níos (beag)    | Níos lú      |
| 2. Níos (mór)     | Níos mó      |
| 3. Níos (deas)    | Níos deise   |
| 4. Níos (saibhir) | Níos saibhre |
| 5. Níos (dona)    | Níos measa   |
| 6. Níos (dorcha)  | Níos dorcha  |
| 7. Níos (geal)    | Níos gile    |
| 8. Níos (fada)    | Níos faide   |

## Eimear Ní Chonaola

I gContae Chiarraí, deir eagraíocht charthanachta do mhadraí tréigthe go bhfuil méadú suntasach tagtha ar líon na madraí atá á<sup>1</sup> dtréigean mar gheall ar an gcúlú eacnamaíochta. Ach ní fios céard atá in ann don eagraíocht de bharr easpa airgid agus an t-ionad atá acu ar cíos a bheith á dhíol.

## Grett O'Connor

Tá Angela O'Brien i measc na n-oibrithe deonacha ó Dog Action Welfare Group, a dhéanann madraí tréigthe agus a gcuid coileán sa chás seo a altramú. Anuraidh chabhraigh<sup>2</sup> DAWG le 770 madraí tréigthe; i mbliana meastar go mbeidh an uimhir sin i bhfad níos airde. Níl airgead sa bhreis ag teaghlach a thuilleadh chun go dtógfaidís madra mar pheata, mar sin tá an t-éileamh ar mhadraí tite<sup>3</sup>.

Anseo in aice le Dún ar Aill i gContae Chorcaí tá ionad dídine na heagraíochta. Tá an foirgneamh<sup>4</sup> agus an gairdín tógtha ar cíos acu ach anois tá siad le díol ag an úinéir. Cosnaíonn sé deich míle<sup>5</sup> euro sa mhí an tseirbhís a chur ar fáil, idir bhíllí máinlia, costais<sup>6</sup> iompair na madraí agus bia.

Tá trí rud ag teastáil go géar ón eagraíocht charthanachta seo: uimhir a haon, ionad nua, áit éigin faoin tuath inár féidir leo na madraí a choimeád, uimhir a dó, oibrithe deonacha chun aire a thabhairt do mhadraí san ionad nua nó ina dtithe féin agus uimhir a trí, cosúil le gach eagraíocht charthanachta eile, urraíocht.

Grett O'Connor, Nuacht TG4, Dún ar Aill, Contae Chorcaí.

---

<sup>1</sup> Dhá deirtear

<sup>2</sup> Do chabhraigh deirtear

<sup>3</sup> titithe deirtear

<sup>4</sup> an fhoirgneamh deirtear

<sup>5</sup> deich mhíle a deirtear

<sup>6</sup> Costaisí a deirtear